C/2025/4398

1.8.2025

Foilsiú iarratais ar chlárú táisc gheografaigh de bhun Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2025/4398)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air nó uirthi i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

Tá an tsonraíocht táirge dá dtagraítear in Airteagal 49 de Rialachán (AE) Uimh. 2024/1143 le fáil i gclár an Aontais um thásca geografacha

DOICIMÉAD AONAIR

‘Yenice Ihlamur Balı’

Uimh. AE: PDO-TR-03362 — 25.10.2024

ATFC (X) TGFC ()

1. **Ainm (nó Ainmneacha)**

‘Yenice Ihlamur Balı’

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An Tuirc

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta*

Cód Ainmníochta Comhcheangailte (Cód AC): 04

3.2. ***Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)***

Is mil bláthanna é ‘Yenice Ihlamur Balı’ a tháirgeann beacha a bhailíonn neachtar ón teile airgid (*Tilia tomentosa Moench*) agus an teile Chugasach (*Tilia rubra* DC. fosp. *caucasica*), a fhásann go nádúrtha i gceantar Yenice de chuid chúige Karabük. Tagann ‘Yenice Ihlamur Balı’ faoi chatagóir na meala bláthanna ar bhonn a fhoinse agus aicmítear é mar mhil aonbhlátha faoi ghannionadaíocht lena ngabhann léiriú íseal pailine.

Áirítear i bpríomhfhoinsí neachtair ar comharthaí sóirt ‘Yenice Ihlamur Balı’ iad *Tilia* (teile), *Sambucus, Clematis vitalba, Paliurus spina-christi, Erica*, agus tacsóin ar le *Rosaceae* (fine na rósanna) iad amhail *Rubus, Crataegus,* agus *Rosa*. Ní mór pailin *Tilia* sp. a bheith in ‘Yenice Ihlamur Balı’ mar aon le pailin ó dhá cheann ar a laghad de na seacht dtacsón sin. Ina theannta sin, ba cheart próifíl fhoriomlán pailine ‘Yenice Ihlamur Balı’ a bheith comhsheasmhach leis an liosta tacsón a chuirtear i láthair i dTábla 1 (ní gá, áfach, go mbeadh gach tacsón i láthair sa mhil an tráth céanna).

Ó thaobh datha de, bíonn ‘Yenice Ihlamur Balı’ sa raon idir buí agus ómra. Baineann an blas agus an dea-bholadh a bhíonn air go sonrach leis an bhflóra óna ndíorthaítear é. Bíonn sé leachtach agus ní chruthaíonn sé blas searbh sa bhéal ná sa scornach nuair a itear é. Faoi dhálaí stórála cuí, criostalaíonn sé go páirteach nó go mall, rud a fhágann go mbíonn leibhéal measartha criostalaithe ann. Tar éis an chriostalaithe, déantar gráinníní boga criostail ann nach bhfágann blas míthaitneamhach ar an teanga. Braitear cumhracht shainiúil bhláthanna na teile go soiléir nuair a osclaítear clúdach na coirceoige nó nuair a bhaintear mil círe meala eastósctha óna pacáistíocht. Cuirtear na paraiméadair cháilíochta as a dtagann saintréithe sonracha ‘Yenice Ihlamur Balı’ i láthair i dTábla 2.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Tábla 1

Próifíl pailine 'Yenice Ihlamur Balı'

Tacsóin	Tacsóin	Tacsóin
Agrimonia sp.	*Fragaria vesca*	Pinaceae
Amaranthaceae	*Galium* sp.	*Plantago lanceolata*
Anagallis sp.	*Genista* sp.	Poacaea
Anthyllis sp.	Gentianaceae	*Portulaca* sp.
Apiacaea	*Helianthemum* sp.	Ranunculaceae
Artemisia sp.	*Helianthus annus*	*Ranunculus* sp.
Asteraceae	*Hypericum* sp.	*Rhododendron* sp.
Betula sp.	Lamiaceae	*Rosa canina*
Boraginaceae	*Lamium* sp.	Rosaceae
Brassicaceae	*Lathyrus* sp.	*Rubus* sp.
Campanula sp.	*Laurus nobilis*	*Rumex* sp.
Caryophyllaceae	*Ligustrum* sp.	*Salix* sp.
Castanea sativa	Liliaceae	*Sambucus* sp.
Centaurea sp.	*Limonium* sp.	*Scabiosa* sp.
Centaurium sp.	*Linaria* sp.	*Silene* sp.
Cichorium sp.	*Lotus* sp.	*Symphytum* sp.
Cirsium arvense	Malvaceae	*Taraxacum* sp.
Cistus creticus	*Melilotus* sp.	*Teucrium* sp.
Clematis vitalba	*Myosotis* sp.	*Thymus* sp.
Cornus sanguinea	*Nepeta* sp.	*Tilia* sp.
Coronilla sp.	*Nigella* sp.	*Trifolium pratense*
Crataegus sp.	Oleaceae	*Trifolium repens*
Cynoglossum sp.	*Onobrychis* sp.	*Trifolium resupinatum*
Echium vulgare	*Onosma* sp.	*Trifolium* sp.
Erica sp.	*Origanum* sp.	*Trifolium speciosum*
Eryngium sp.	*Paliuris spina-christi*	*Verbascum* sp.
Euphorbia sp.	Papaveraceae	*Vicia* sp.
Fabaceae	*Phlomis* sp.	*Xanthium* sp.
Filipendula sp.	*Pilosella* sp.	*Zea mays*

Tábla 2

Airíonna fisiciceimiceacha 'Yenice Ihlamur Balı'

Paraiméadair	Luachanna
Próilín (mg/kg; íosmhéid)	300 mg/kg
Fruchtós+Glúcós (g/100 g; íosmhéid)	60 g/100 g
Uimhir Dhiastáise (íosmhéid)	8

Paraiméadair	Luachanna
HMF (mg/kg; uasmhéid)	18 mg/kg
Fruchtós/Glúcós	0,9 – 1,4
Bogthaise (%, uasmhéid)	20 %
Siúcrós (g/100 g; uasmhéid)	4g/100g
Máltós (%, uasmhéid)	4 %
Saoraigéadacht (meq/kg; uasmhéid)	50 meq/kg
Substaint atá dothuaslagtha in uisce (g/100 g; uasmhéid)	0.1 g/100 g

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

—

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór gach céim den táirgeadh a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe.

3.5. ***Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe***

—

3.6. ***Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe***

Tá an lógó seo a leanas sainordaitheach le haghaidh gach táirge ar a bhfuil an t ainm 'Yenice Ihlamur Balı'



4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Ó thaobh na tíreolaíochta de, tá Cúige Karabük lonnaithe i gcuid na Mara Duibhe Thiar de Réigiún na Mara Duibhe. Is éard atá sa limistéar geografach le haghaidh tháirgeadh 'Yenice Ihlamur Balı' ceantar Yenice i gCúige Karabük na Tuirce.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Sainiúlacht an táirge

Saintréith de chuid 'Yenice Ihlamur Balı' is ea a chomhdhéanamh sainiúil a bhfuil bláthanna éagsúla ann, d'ainneoin go dtáirgtear é laistigh de limistéar foraoise ó thaobh na tíreolaíochta de. Deimhnítear le hanailís mheileasapailineolaíoch nach mór pailiní *Tilia* sp. a bheith sa mhil mar aon le dhá thacsón ar a laghad a roghnaítear ó *Sambucus*, *Clematis vitalba*, *Paliurus spina-christi*, *Erica*, agus baill Rosaceae (fine na rósanna), is é sin *Rubus*, *Crataegus*, agus *Rosa*. Thairis sin, ní mór samplaí ón bpróifíl bhláthach níos leithne a shainítear i dTábla 1 a bheith sa speictream pailine freisin. San iomlán, sainaithníodh pailin ó 86 thacsón plandaí atá dúchasach sa réigiún, rud a chuireann le tionscnamh casta luibheolaíoch na meala. Tugann an comhdhéanamh uathúil sin, atá múnlaithe ag éiceachórais foraoise shaibhre agus neamhbhearnaithe cheantar Yenice, próifíl aramatach shainiúil agus airíonna orgánaileipteacha sonracha arb é an difríocht idir 'Yenice Ihlamur Balı' agus mil aonbhlátha agus ilbhláthanna eile.

Tosca nádúrtha

I staidéar a rinneadh in 1999, shainaithin an Ciste Domhanda Fiadhúlra (WWF) go bhfuil Foraoisí Yenice ar cheann den 100 foraois is saibhre ó thaobh na bitheolaíochta de agus is mó is gá iad a chosaint go práinneach san Eoraip agus ar cheann de na 122 limistéar nádúrtha shuntasacha sa Tuirc. De réir taighde atá déanta ag eolaithe, is éard atá i dteophointí limistéir a bhfuil roinnt speiceas eindéimeach iontu, ina bhfuil cineálacha foraoise a bhaineann go sonrach leis an Eoraip, agus ar comharthaí sóirt dá gcuid achar mór talún agus lena mbaineann riosca ard caillteanais gnáthóige. Tá Foraoisí Yenice ar cheann de na naoi limistéar sin. Cé go bhfuil tionchar páirteach ag aeráid na Mara Duibhe ar aeráid Yenice, is féidir éifeachtaí aeráide ilchríochaí a thabhairt faoi deara freisin sna limistéir intíre. Ós rud é gur crios aistrithe é an réigiún sin idir na cineálacha aeráide sin, chuir a éagsúlacht aeráide le saibhreas bláthach an limistéir. Tugtar faoi deara éifeacht mhiocraeráide sa ghleann a dhéantar as Abhainn Yenice, a ritheann tríd an gceantar. Faigheann an limistéar frasaíocht i ngach séasúr. Bíonn na geimhrí fuar agus na samhraí úr ann, mar aon le haeráid atá tais, báisteach ceomhar, tríd is tríd.

Foraoisí atá in 87 % de cheantar Yenice. Tá 312 thacsón plandaí i bhforaoisí Yenice, a bhfuil 51 díobh eindéimeach. Tá áit shuntasach ag na crainn teile laistigh den fhásra saibhir sin. Laistigh de na teorainneacha geografacha, is i dtopagrafaíocht gharbh a fhaightear na crainn teile. Ós rud é go bhfuil crainn teile sa tír-raon garbh sin, is deacair do dhaoine duilleoga agus bláthanna na gcrann teile a bhailiú. Fágann an méid sin gur féidir leis na crainn teile a bheith ina bhfoinse neachtair fhéideartha le haghaidh na mbeach meala. Ina theannta sin, chuir tír-raon garbh an réigiúin cosc ar leathnú na limistéar cónaithe agus ar fhorbairt an tionscail. Ní dhearna gníomhaíocht an duine difear don réigiún den chuid is mó, rud a chuidigh leis a éiceachóras gan mhilleadh a chaomhnú agus é a chosaint ar thosca truaillithe éagsúla. Léiríodh é sin freisin i gcáilíocht 'Yenice Ihlamur Balı'.

Nasc cúisíoch

Mar gheall ar thíreolaíocht gharbh lár cheantar Yenice agus a fhoraoisí, tá limistéir lonnaíochta fós teoranta, rud a d'fhág gurbh fhéidir leis na crainn teile scaipeadh ar limistéir ollmhóra. Níl aon fhiontar tionscail throm sa cheantar, agus saothraíonn an daonra áitiúil a shlí bheatha ón bhforaois.

Mar gheall ar shaibhreas chomhdhéanamh na meala a thagann ón líon mór crann teile agus éagsúlacht na bplandaí dúchasacha i bhforaoisí Yenice, a fheidhmíonn mar fhoinsí neachtair príomhúla agus tánaisteacha, tá blas agus dea-bholadh ag 'Yenice Ihlamur Balı' a bhaineann go sonrach leis an bhflóra óna ndíorthaítear é.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

Cláraíodh an táirge táisc gheografaigh seo lena chosaint ón 14.12.2022 i R-Fheasachán Oifigiúil Uimh. 1456 de chuid Oifig Paitinní agus Trádmharcanna na Tuirce agus cláraíodh go hoifigiúil é an 22.8.2023.